ADVERT ID 251607

# Deputy Principal

## Gaelscoil Ros Eo

f/ch CLG Naomh Maur Rush K56 C867
https://www.gaelscoilroseo.com

### MAIN DETAILS

| | |
|---|---|
| **Status:** | Active |
| **Level:** | Primary |
| **Date Posted:** | Tue May 5 2026 |
| **Application Closing Date:** | Tue May 19 2026 |
| **Commencement Date:** | Wed Aug 26 2026 |
| **Status of Post:** | Permanent |

### SCHOOL DETAILS

| | |
|---|---|
| **School Type:** | Mainstream |
| **School Structure:** | Vertical |
| **Gender:** | Co-Educational |
| **School Patronage:** | An Foras Patrunachta |
| **Classification:** | Gaelscoil |
| **Total No. of Teaching Staff:** | 10 |
| **Current Enrolment:** | 163 |
| **Droichead school:** | Yes |
| | Gaelscoil |

### POST DETAILS

**Additional Information:**
Tugann Bord Bainistíochta na scoile cuireadh d'iarrthóirí cur isteach ar phost mar Leas-Phríomhoide. Is post buan é seo agus déanfar an ceapachán trí chomórtas oscailte. Comhlíonfar an ceapachán de réir théamaí imlitir 0044/2019.

Beidh roghnú an duine rathúil bunaithe ar cheithre inniúlacht atá ar aon dul leis an gCreat Cáilíochta um Cheannaireacht agus Bainistíocht:
• Teagasc agus Foghlaim a Threorú
• An eagraíocht a bhainistiú
• Forbairt scoile a threorú
• Inniúlacht cheannaireachta a fhorbairt

Ag teacht leis na réimsí thuasluaite, caithfidh an t-iarrthóir tiomantas agus spéis bheo a léiriú do chur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir sa scoil.
Oibreoidh an leas-phríomhoide go dlúth leis an bpríomhoide. Bainfidh freagreachtaí an phoist seo le forbairt churaclaim uile-scoile, forbairt polasaithe, bainistíocht laethúil na scoile agus pleanáil straitéiseach d'fhorbairt na scoile.

Beidh saineolas ar cheannaireacht, bainistíocht agus riarachán scoile chomh maith le scileanna ceannaireachta cruthaithe ag teastáil ó na hiarrthóirí.
Is gá fianaise ar obair mar chuid d'fhoireann agus caidrimh dhearfacha a chothú le baill foirne, gníomhaireachtaí seachtracha, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal scoile níos leithne a léiriú.

Tá de dhualgas ar gach iarrthóir na critéir cháilíochta thíos a chomhlíonadh-
Cláraithe in iomlán leis an gComhairle Múinteoireachta i ngleic le bealach 1 na Bunscoile.
5 bliana de thaithí aitheanta mar mhúinteoir, agus 2 bhliain den mhéid seo a bheith lonnaithe i

mbunscoil aitheanta na hÉireann.

Is Gaelscoil Caitliceach í Gaelscoil Ros Eo. Tá ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, de dhíth. Ní ghlacfar le hiarratais trí Bhéarla.

Feidhmeoidh an té a cheapfar mar bhall lárnach d'fhoireann ceannasaíochta agus bainistíochta na scoile. Déanfar athbhreithniú rialta ar dhualgais an leas-phríomhoide agus féadfar iad a athrú ag brath ar riachtanais reatha na scoile.

Is scoil cois farraige í atá suite i gceantar álainn i dtuaisceart chontae Bhaile Átha Cliath. Tá foireann an-fháilteach againn. Tá atmaisféar cairdiúil, oscailte agus tacúil sa scoil.

Is deis ar leith é seo d'iarratasóirí tionchar dearfach a imirt ar scoil a bhfuil todhcaí geal álainn aici.

Glacfar le hiarratais go dtí 5pm ar an spriocdháta. Ba chóir go mbeadh iarratais seolta chuig admin@gaelscoilroseo.com.

Táimid ag fás go leanúnach agus tá cead pleanála faighte againn le déanaí don fhoirgneamh scoile nua-aimseartha: https://gaelscoilroseo.com/News/Cead-Pleanala-Ceadaithe!-Planning-Permission-Granted!/208904/Index.html

Faigh tuilleadh eolais faoin scoil:
https://www.facebook.com/gaelscoilroseo/

Is é triúr an t-íoslíon iarratasóirí atá ag teastáil chun go leanfaidh an próiseas ar aghaidh.

## APPLICATION REQUIREMENTS

- It is a requirement to hold a valid Statutory Declaration and to complete the Form of Undertaking for this position.
- Letter of Application
- Referees (name, role, contact no.)
- Foirm Iarratais Chaighdeánach ar Phost an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide – as Gaeilge

## Applications may be submitted by

- Email

## APPLY TO THIS JOB VACANCY

| | |
|---|---|
| **Roll Number:** | 20334R |
| **Apply To:** | f/ch CLG Naomh Maur<br>Rush<br>K56 C867 |
| **County:** | Dublin |
| **Postal District:** | County Dublin |
| **Enquiries To:** | admin@gaelscoilroseo.com |
| **Website:** | https://www.gaelscoilroseo.com |
| **Further Information:** | https://facebook.com/gaelscoilroseo |

Information contained within this advertisement is copyrighted by IPPN and licensed by IPPN for use by job-seekers only. The information herein may not be downloaded, copied or used for any other purposes, including its replication on other recruitment & advertising websites, without the express prior written permission of IPPN.